**Oifigeach Pleanála Teanga do LPT Dhúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh**

<u>Sonraí an Phoist</u>

1. Stiúradh éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean teanga don Limistéar Pleanála Teanga (LPT), ar a n-áirítear an próiseas pleanála teanga agus cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga, agus an obair seo a dhéanamh i gcomhar leis an gCeanneagraíocht agus an Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga.

2. Clár oibre aontaithe a bhainistiú chomh maith le stiúir a thabhairt d'fhoireann oibre agus clár caiteachais agus buiséad a bhainistiú.

3. An clár oibre d'fheidhmiú an phlean teanga a aontú leis an gCeanneagraíocht, leis an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga agus le hÚdarás na Gaeltachta, clár a mbeadh spriocanna sonracha mar chuid de agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn.

4. Feidhmiú mar áisitheoir agus pointe teagmhála idir an Ceanneagraíocht, an Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga, feidhmeannaigh an Údaráis, feidhmeannaigh na Roinne agus áisíneachtaí eile Stáit a bhfuil ról acu i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm bearta an phlean teanga.

5. Tacú le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus comhoibriú leis na príomhoidí, na boird bhainistíochta agus pobal na scoile mar aon le stiúrthóirí na naíonraí agus na seirbhísí luathbhlianta i dtreo aitheantas mar scoil Ghaeltachta agus mar naíonra Gaeltachta faoi seach, a bhaint amach.

6. Cuidiú le polasaithe, pleananna, gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chuí atá dírithe ar úsáid na Gaeilge a threisiú sa LPT. Dea-chaidreamh a chothú le heagrais agus le comhlachtaí a bhfuil cuspóirí comónta teanga acu agus a bheadh mar chrann taca d'fheidhmiú an phróisis phleanála teanga sa Ghaeltacht agus d'fheidhmiú an phlean teanga sa LPT, go háirithe An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, na Boird Oideachais agus Oiliúna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR.), Muintearas CTR., Ealaín na Gaeltachta CTR., An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas, na hIonaid Oideachais Ghaeltachta, príomhoidí agus Cigireacht na scoileanna Gaeltachta.

7. Seirbhís tacaíochta a sholáthar do na spriocghrúpaí agus na struchtúir sa LPT mar a bhaineann le bearta an phlean teanga a fheidhmiú.

8. Ionadaíocht a dhéanamh ar son na Ceanneagraíochta ar choistí agus ar ghrúpaí oibre ar mhaithe le feidhmiú cuí an phróisis pleanála teanga agus cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga.

9. A bheith eolach ar pholasaithe/pleananna agus straitéisí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chúrsaí forbartha agus teanga sa Ghaeltacht agus eolas ina leith a chur ar fáil don Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga agus don phobal, nuair is gá.

10. Deiseanna nua a aithint agus a mholadh atá dírithe ar mhéadú a chur ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus monatóireacht a dhéanamh ar scéimeanna nó tionscadail nua a bheadh á moladh a rachadh chun tairbhe don chuspóir seo.

11. Monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh agus scéimeanna teanga atá ar fáil ag ranna rialtais/eagraíochtaí stáit, deiseanna nua a aithint atá dírithe ar úsáid na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh, agus teacht ar bhreis maoinithe le gníomhaíochtaí Gaeilge a chur chun cinn sa phobal.

12. Foinsí maoinithe a aithint a bhféadfaí leas a bhaint astu le bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm.

13. Comhairle, tacaíocht agus eolas faoin bpróiseas pleanála teanga a roinnt leis an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga, Oifigigh Pleanála Teanga, Ranna agus áisíneachtaí Stáit chomh maith leis an bpobal go ginearálta.

14. A chinntiú go gcoinnítear cuntas sásúil ar ioncam agus caiteachas de réir cur chuige a bheidh aontaithe leis an Údarás roimh ré.

15. A chinntiú go gcloífear leis na rialacháin ábhartha soláthar poiblí mar a bhaineann sé le gach gné ábhartha den chlár oibre agus féachaint chuige go mbaintear luach ar airgead amach i gcás an tsoláthair buiséid a chuirfear ar fáil d'fheidhmiú an phlean teanga.

16. Tacú le feachtais feasachta teanga a bheadh á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta, ag an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Gaeltachta nó eagraíochtaí eile Stáit atá dírithe ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a spreagadh i leith na teanga.

17. Páirt a ghlacadh i dtascanna taighde a choimisiúnófar maidir le dea-chleachtais i leith iompar, buanú agus sealbhú teanga.

18. Freastal ar sheimineáir agus ar chúrsaí oiliúna a bheidh á n-eagrú ag Údarás na Gaeltachta nó eagraíochtaí eile a bheidh dírithe ar an bpróiseas pleanála teanga agus ar fheidhmiú an phlean teanga.

19. Tuairisc rialta a chur ar fáil d'Údarás na Gaeltachta, don Cheanneagraíocht agus don Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga maidir le feidhmiú an phlean teanga.

20. Cinntiú go gcloítear le riachtanais an Achta um Shaoráil Faisnéise agus le riachtanais An Achta um Chosaint Sonraí 2018.

**NÓTA**

*Líonfar an post trí chonradh ar théarma seasta ar feadh 3 bliana agus beidh deis cur leis an gconradh seo ar feadh tréimhse eile tar éis athbhreithniú ar fheidhmiú an Phlean Teanga. Is féidir an conradh a fhoirceannadh i gcás go ndéanfar an sruth maoinithe a bhfuil súil leis a fhoirceannadh nó nach dtiocfaidh sé chun cinn.*

- Beidh tréimhse profa 6 mhí i gceist leis an gconradh.
- D'fhéadfaí go gcuirfear painéal le chéile i ndiaidh na hagallaimh
- Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (C.D.S. Teo.) agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le bearta an phlean teanga LPT Dhúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh a fheidhmiú.
- Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.
- Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin, ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána glan a bheith acu.
- Beidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le líonadh ag an té a cheapfar.
- Is fostóir comhionannas é Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.